AN LONGFORT
Comhairle Chontae An Longfoirt
Longford County Council
CONNECTED
People · Place · Opportunity

# Fógra Príobháideachais **Bóithre**

Ag rannóg Bóithre Chomhairle Chontae an Longfoirt tuigimid go bhfuil príobháideacht agus slándáil do chuid faisnéise pearsanta (sonraí) tábhachtach agat. Tugann an fógra príobháideachais seo breac-chuntas ar an gcaoi a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta de réir na ndlíthe um chosaint sonraí.

Léigh an fógra seo mar aon le príomh **Bheartas Príobháideachais** Chomhairle Chontae an Longfoirt.

Scan le hamharc air
**Príomhbheartas Príobháideachais**

**Cabhair ag Teastáil Uait?** Conas cód QR a scanadh

1. **Oscail d'aip cheamara**
2. **Frámáil an cód QR**
3. **Cliceáil ar an mír aníos**

# Fógra Príobháideachais
# **Bóithre**

## Cén fáth a bpróiseálann Bóithre sonraí pearsanta?

### Próiseálann an rannóg Bóithre do shonraí pearsanta chun:

- Líonra bóithre poiblí a fhorbairt atá oiriúnach chun freastal ar thrácht an lae inniu
- An bonneagar riachtanach a chur ar fail chun tacú le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta
- Sábháilteacht agus riachtanais gach úsáideora bóthair a chinntiú
- Trácht agus páirceáil i gContae an Longfoirt a bhainistiú.

## Cad iad na sonraí pearsanta a phróiseálann Bóithre?

### Seo a leanas liosta de shonraí pearsanta a phróiseálaimid:

- Ainm
- Seoladh Baile
- Seoladh ríomhphoist
- Sonraí airgeadais amhail sonraí bainc chun íocaíochtaí a dhéanamh
- Uimhir theileafóin
- Uimhir Phearsanta Seirbhísí Poiblí (UPSP)
- Ceadúnas tiomána nó cead foghlaimeora
- Sonraí sláinte
- Clárú feithicle
- Taifid oiliúna foirne
- Úinéireacht talún
- Uimhir chláraithe cánach
- Taifead fostaíochta
- Bunús eitneach
- Íomhánna ó cheamara coirp maor tráchta nó b'fhéidir ó CCTV slándála i bhfoirgnimh na Comhairle



## Cad a deir an dlí faoin gcaoi a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta?

### Seo iad na trí chás ina ndeir an dlí gur féidir linn do shonraí pearsanta a úsáid:

| Staid | Sampla |
|---|---|
| Tá dualgas dlíthiúil orainn do shonraí pearsanta a phróiseáil | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 (arna léasú) |
| Chun ligeann dúinn tasc a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail agus nó ar ár ndualgas oifigiúil mar údarás áitiúil mar a cheadaítear faoin reachtaíocht Rialtais Áitiúil | Cothabháil agus sábháilteacht bóithre poiblí a chinntiú |
| Conradh a chur i gcrích | Agus sinn ag íoc as soláthairtí agus seirbhísí |



## Cé leis a roinnfidh Bóithre do shonraí pearsanta?

**D'fhéadfaimis do chuid sonraí pearsanta a roinnt leis na grúpaí seo a leanas, ach ní fhéadfaimis iad a roinnt ach amháin nuair is gá:**

- An Bord Pleanála
- An Garda Síochána
- Ceantálaithe
- ESB agus cuideachtaí fóntais eile
- An pobal i gcoitinne (mar shampla, d'fhéadfaimis íomhánna díot a roinnt le do thoiliú má tá tú ag obair go deonach ag imeacht sábháilteachta ar bhóithre)
- Ionadaithe árachais
- Ionadaithe dlíthiúla
- Na meáin áitiúil
- Oifig Soláthair an Rialtais
- Údaráis áitiúla eile
- Comhlachtaí poiblí eile
- Na Coimisinéirí Ioncaim
- Oifig Bainistíochta Bóithre
- Bonneagar Iompair Éireann
- Luachálaí réadmhaoine nó talún (mar shampla, mar chuid d'ordú ceannaigh éigeantaigh)
- An tAonad um Chlárú Feithiclí.

**Má theastaíonn tuilleadh sonraí uait maidir leis an gcaoi a bpróiseálaimid faisnéis laistigh den Bóithre, déan na nithe seo a leanas le do thoil:**

| Roghanna teagmhála | Sonraí Teagmhála |
|---|---|
| **Guthán** | 043 334 4207 |
| **Ríomhphost** | dpo@longfordcoco.ie |

**D'úsáideamar treoirlínte teanga simplí chun an polasaí seo a chruthú**

